Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Nollaig 2023
(OR. en)

15961/23
PV CONS 59
EDUC 462
JEUN 274
CULT 169
AUDIO 114
SPORT 60

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt)

23 agus 24 Samhain 2023

## CRUINNIÚ DÉARDAOIN, AN 23 SAMHAIN 2023

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 15599/1/23 REV 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 15589/23 + ADD 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

OIDEACHAS

3. Conclúidí maidir leis an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le comhluachanna Eorpacha agus an tsaoránacht dhaonlathach a neartú
*Formheas*
14530/23 + ADD 1-2

4. Moladh ón gComhairle maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagail 165(4) agus 166(4) CFAE)
*Glacadh*
C 14531/23

5. Moladh ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagail 165(4) agus 166(4) CFAE)
*Glacadh*
C 13601/23 + ADD 1-2

**6. Mná a mhealladh chun na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, na n-ealaíon agus na matamaitice (STEAM)**
*Díospóireacht bheartais*
2 14702/23

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar nóta faisnéise a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Bhí plé ann maidir leis na dúshláin is mó a bhaineann leis an mbearna idir na hinscní a laghdú i ndisciplíní STEAM agus maidir leis na tionscnaimh a d'fhéadfaí a sheoladh, sa chomhthéacs náisiúnta agus sa chomhthéacs Eorpach araon, chun mná a mhealladh chuig réimsí oideachais agus oiliúna STEAM.

AN ÓIGE

7. Conclúidí maidir le príomhshruthú na hóige i bpróisis chinnteoireachta san Aontas Eorpach a chur chun cinn — 14572/23 + ADD 1
*Formheas*

8. Conclúidí maidir le cur chuige cuimsitheach i ndáil le meabhairshláinte daoine óga san Aontas Eorpach — 14489/23 + ADD 1
*Formheas*

**9. Aontas Eorpach réamhbhreathnaitheach agus tiomanta dá shaoránaigh óga: ról na ndaoine óga sna próisis chinnteoireachta san Aontas Eorpach**[1] — [2] 14680/23
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar pháipéar plé a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Thíolaic na toscaireachtaí a mbearta náisiúnta chun daoine óga a áireamh níos fearr sna próisis chinnteoireachta, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu. Thacaigh roinnt toscaireachtaí le togra maidir le measúnú tionchair ó thaobh na hóige de mar chuid de mheasúnuithe tionchair do thionscnaimh an Aontais.

**Aon ghnó eile**

**10. Oideachas**

(a) Tionscnamh chaomhnóireacht chlós na scoile faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha — 14865/23
*Faisnéis ón gCoimisiún*

**(b) Forógra Léitheoireachta Liúibleána** — [2] 14839/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóivéine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóivéin ar fáil.

**(c) An séú hOilimpiaid Idirnáisiúnta Ceoil do dhaltaí scoile (Ayia Napa, an Chipir, an 18-20 Aibreán 2024)** — [2] 15114/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Cipire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Chróit ar fáil.

[1] Le rannpháirtíocht Leas-Uachtarán Fhóram Eorpach na nÓg.

**(d)** **Príobháideachas Sonraí san Oideachas Digiteach** 15163/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Beilge agus na hÍsiltíre*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg agus an Ísiltír ar fáil.

**(e)** **Cabhair don Úcráin in earnáil an oideachais** 14780/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Sualainne*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil.

(f) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

**<u>An Óige</u>**

**(g)** **Toradh an phlé ag cruinniú neamhfhoirmiúil céadphroinne Idirphlé Óige an Aontais Eorpaigh**[2]
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

(h) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

2 Toscaire Spáinneach de chuid an aosa óig agus ionadaí ó Fhóram Eorpach na nÓg i láthair

## CRUINNIÚ DÉ hAOINE, AN 24 SAMHAIN 2023

### Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

CULTÚR, CLOSAMHARC AGUS MEÁIN

11. Conclúidí maidir leis an ngné chultúrtha agus chruthaitheach in earnáil Eorpach na bhfíschluichí a fheabhsú — 14679/23 + ADD 1-3
*Formheas*

**12. Feabhas a chur ar na dálaí oibre d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha eile** — [P2] 14713/23 + COR 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar pháipéar plé a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Ba é an tionscnamh reachtach ó Pharlaimint na hEorpa a rinneadh le déanaí (Airteagal 225 CFAE) lena n-iarrtar ar an gCoimisiún tograí a chur síos le haghaidh chreat dlíthiúil de chuid an Aontais sa réimse sin an comhthéacs polaitiúil don díospóireacht sin. Thíolaic na hairí a mbearta náisiúnta chun dálaí oibre leordhóthanacha, comhionannas inscne, agus soghluaisteacht in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, thacaigh na hairí le malartuithe dea-chleachtas, sainmhíniú uile-Aontais ar ealaíontóirí agus cruthaitheoirí, bunachair sonraí choiteanna, cearta saothair a aistriú ag teorainneacha, agus le creat institiúideach féideartha lena mbunófaí stádas Eorpach d'ealaíontóirí.

AN SPÓRT

13. Conclúidí maidir le mná agus comhionannas i réimse an spóirt — 14242/23 + ADD 1-3
*Formheas*

**14. Timpeallacht shábháilte sa spórt** — 2 — 14108/23
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite bunaithe ar pháipéar plé a d'ullmhaigh an Uachtaránacht. Mar réamhrá ar an bplé, d'éist an Chomhairle le físteachtaireacht réamhthaifeadta ó Aire gníomhach Óige agus Spóirt na hÚcráine. D'athdhearbhaigh go leor de na Ballstáit a ndlúthpháirtíocht leis an Úcráin. Thíolaic siad na céimeanna a rinneadh chun foráil a dhéanamh do thimpeallachtaí sábháilte sa spórt agus phléigh siad na bearta a d'fhéadfaí a chomhordú ar an leibhéal Eorpach i ndáil leis sin. Leag roinnt Ballstát béim ar an ngá atá ann leanúint den chomhar le Comhairle na hEorpa faoi chuimsiú Choinbhinsiún Saint-Denis.

**Aon ghnó eile**

**15. Cultúr/Closamharc**

**(a) Tograí reachtacha reatha (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**Rialachán maidir leis an nGníomh Eorpach um Shaoirse na Meán** — 1 C — 12413/22
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(b) Breithniú ar chur chun feidhme chonclúidí 2021 ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuanaitheacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta** — 2 — 14827/23
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(c) Forógra Léitheoireachta Liúibleána** — 2 — 14842/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóivéine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSlóivéin ar fáil.

**(d)** **Roghnúchán Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2028, České Budějovice** 14841/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Seicia*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an tSeicia ar fáil.

**(e)** **Cur i láthair na gclár do Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa 2024, Bad Ischl Salzkammergut (an Ostair) agus Tartu (an Eastóin)** 14973/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hOstaire agus na hEastóine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair agus an Eastóin ar fáil.

**(f)** **Pass Culture agus KulturPass** 14972/23
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Fraince agus na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc agus an Ghearmáin ar fáil.

**(g)** **Ardán ilpháirtithe leasmhara chun téarnamh oidhreacht chultúrtha na hÚcráine a chur chun cinn** 15609/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na hIodáile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Iodáil ar fáil.

(h) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

**An Spórt**

**(i)** **An ghné Eorpach de Chluichí Oilimpeacha agus Para-Oilimpeacha Pháras 2024** 14845/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Fraince*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil.

**(j) An ghné Eorpach de Chraobhchomórtas Sacair na hEorpa 2024 sa Ghearmáin** [F2] 15186/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil.

(k) An Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála (WADA): Cruinniú den Bhord Fondúireachta (an 17 Samhain 2023)
*Faisnéis ó Ionadaí de chuid Bhallstát an Aontais ar Bhord Fondúireachta WADA*

(l) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ó thoscaireacht na Beilge*

---

[1] An chéad léamh

[F2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

---